*Uimhir* 1 *de* 1995

# AN tACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

## RIAR NA nALT


Alt

1. Leasú ar alt 1 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977.

2. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 | 1977, Uimh. 28 |
| An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1980 | 1980, Uimh. 2 |
| Na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 1983 | |

*Uimhir* 1 *de* 1995

# AN tACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ), 1995

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ ALT 1 DEN ACHT AIRÍ AGUS RÚNAITHE (LEASÚ) (UIMH. 2), 1977. [27 *Eanáir,* 1995]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Leasú ar alt 1 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977.

**1.**—Leasaítear leis seo fo-alt (1) d'alt 1 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) (Uimh. 2), 1977 (arna leasú le halt 2 den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1980) trí ''seacht nduine dhéag'' a chur in ionad ''cúig dhuine dhéag'', agus tá an fo-alt sin (1), arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(1) Féadfaidh an Rialtas, ar ainmniú an Taoisigh, seacht nduine dhéag ar a mhéid, is comhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas, a cheapadh chun bheith ina nAirí Stáit ag Ranna Stáit, agus féadfaidh sé tráth ar bith, ar mholadh an Taoisigh, Aire Stáit a cheapfar amhlaidh a chur as oifig.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**2.**—(1) Féadfar an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 1995, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 1995, a ghairm de na hAchtanna Airí agus Rúnaithe, 1924 go 1983, agus den Acht seo, le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.